

NÚACHTLITIR NA SEACHTAINÉ

25/04/2016

Meabhurcháin/ Reminder

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as ucht bhur gcomhoibriú i gclós na scoile gach maidin. Mar is eol daoibh, tá córas againn áit go mbogann na daoine fásta uilig siar go dtí barr an chlóis ag a 8.50am. Leis seo is féidir leis na páistí tús ciúin, freagrach a chur leis an lá agus is féidir leo siúl go breá i dtreo na seomraí ranga. **Déanaigí cinnte de nach seasfar ag Ranganna 1 no 2 ar maidin. Seasaigí ag barr an chlóis.** Go raibh maith agaibh as ucht bhur gcuid tacaíochta.

*I would like to thank all parents for their cooperation in the schoolyard in the morning time. As you know, all parents are required to stand behind the cones at the top of the yard when the bell rings at 8.50am. **Please do not stand at the entrance to First/ Second Classes. All parents are requested to stand near the back of the yard.** This allows the children to begin the day quietly and independently. The children can also walk freely and safely to their classrooms. Many thanks for your support.*

Beidh an scoil dúnta an 31 Bealtaine toisc go mbeidh Lá Inseirbhíse ar an Churaclam Teanga Nua againn. Please note that the school will be closed on 31st May to facilitate staff training in the New Primary Language Curriculum.

Comhgairdeas le Rang 6 a rinne ceiliúradh ar Shacraimint an Chóineartaithe Dé Céadaoin, an 13 Aibreán. Bhí searmanas álainn againn. Bhí gach páiste dea-mhúinte agus béasach agus bhí lá speisialta ag gach duine. Mo bhuíochas leis an Múinteoir Olivia agus an rang uilig as an obair ar fad a rinneadar leis an Sacraimint seo a cheiliúradh



Congratulations to Rang 6, who celebrated their Confirmation on Wednesday 13th April. The service was beautiful. Every child was respectful and mannerly and all had a truly special day. Many thanks to Múinteoir Olivia and the class for all the hard work they put into making this Sacrament a very special celebration for all.



Beidh na ranganna giotáir ag tosú arís do Théarma 3. Beidh costas €50 ar na ranganna don téarma seo. Seol isteach an t-airgead chomh luath agus is féidir. *The guitar classes will continue for Term 3. The classes cost €50 for the term. Please send in the money as soon as possible.*

Meabhurchán/Reminder

Má tá do pháiste déanach ag teacht ar scoil caithfear nóta a sheoladh isteach chuig an Múinteoir Ranga le seo a mhíniú.

If your child is late arriving to school a note is required for the class teacher.

Anuas ar sin, muna bhfuil do pháiste le freastal ar cheacht snámha, tá nóta míniúcháin ag teastáil don mhúinteoir.

If your child is not attending a swimming lesson, an explanatory note is required on the day for the class teacher

Turas Rang 5 &6

Beidh Rang 5 agus Rang 6 ag dul ar thuras go Scoil Éanna le héisteacht leis an údar, Morgan Llewellyn, a scríobh an t-úrscéal, Strongbow, Céadaoin, an 27 Aibreán. Tá €5 air.

Rang 5 and Rang 6 will be going on a school tour to Scoil Éanna, to listen to the author, Morgan Llewellyn, who wrote the class novel, Strongbow, on Wednesday the 27th April. The cost of the trip is €5

Tá na himreoirí ar fad, atá ag imirt ar son na scoile, ag traenáil go dian agus molaim go hard sibh. Bhí cluichí faoi 11, faoi 13 agus camógaíocht faoi 13 againn le déanaí agus tá an scoil an-bhródúil asaibh.

Tá grúpa mór ag déanamh na lúthcleasaíochta chuile Déardaoin 2.30-3.15 agus tá ag éirí go breá leo. Maith sibh ar fad!

The school team players are training hard lately. We have played matches under 11, under 13 and camogie under 13 and teachers, children and parents are very proud! Maith sibh!

There is a large group taking part in Athletics every Thursday 2.30-3.15 also, and they are training hard. Maith sibh ar fad!



Gairdín scoile/School Garden

Tá na Rangana ag cur Gairdín na Scoile le chéile. Chuir Rang 2 píseanna roimh an Cháisc. Rang 1-biolar, spionáiste agus píseanna. Rang 5 ag cur pónairí. Beidh na páistí ag obair ar Ghairdín Céadfaí chomh maith. *The children are working on the school garden at the moment. Rang 2 have planted pea, Rang 1 have planted cress, spinach and peas and Rang 5 have planted beans! The children will also be working on our new Sensory Garden soon!*

Accord

Beidh Anita Conlon ó ACCORD anseo Dé Máirt 10 Bealtaine ag déanamh OCG le Ranganna a 5 agus a 6.

Anita Conlon from ACCORD will be here on Tuesday 10th May to do RSE with 5th & 6th Class.



Tá go leor scéalta sna meáin chumarsáide faoi láthair mar gheall ar an tionchar atá ag úsáid an idirlín ar pháistí. Cé go mbaineann na páistí an-taitneamh as na suímh idirlín, bíonn an-iomarca saoirse i gceist leo agus leis an idirlíon ar an iomlán. Bíonn an fhadhb chéanna againn le páistí agus na gutháin phóca. Is féidir leo aon rud a scríobh nó a fháil ar an nguthán i ngan fhios dúinn. Iarraimid oraibhse, na tuismitheoirí, labhairt le bhur bpáistí sa bhaile faoin mbaol a bhaineann leis na rudaí seo agus iarraidimid oraibh súil ghéar a choinneáil ar na teachtaireachtaí atá á bhfáil agus á scríobh acu. Má tá cead acu iad a úsáid tá sé rí-thábhachtach go mbíonn próifílí príobháideacha acu agus nach mbíonn siad cairdiúil le héinne nach bhfuil aithne cheart acu orthu. Tá a fhios againn nach mbíonn na páistí ró-dheas lena chéile ó am go chéile agus iad ar na suímh meán sóisialta. Sa lá atá inniu ann ní féidir a bheith ró-chúramach faoi na rudaí seo agus an damáiste is féidir leo a dhéanamh do na páistí. Táimid ag iarraidh na páistí a choinneáil chomh soineanta, sona agus sásta agus is féidir agus ní chabhraíonn an t-idirlíon leo.

Tá aithne níos fearr agaibhse na tuismitheoirí ná mar atá ag éinne eile ar bhur bpáistí agus bheinn fíorbhuíoch díobh dá bhféadfadh sibh labhairt leo sa bhaile faoin ndainséar atá i gceist leis na rudaí seo thuasluaite.

There are various stories in the media about the influence of the internet on children, particularly Bebo, Facebook, Snapchat and Instagram. Although the children enjoy these sites there is the danger that there is too much freedom with these social media sites and the internet in general. A similar problem can exist with mobile phones. The children can write or receive any messages from anyone, unknown to adults. We would ask you, the parents, to speak to your children in relation to the dangers that exist and we ask you to monitor the messages they receive and send. If they are permitted to use them, it is imperative that the children have private profiles and that they do not accept friendship requests from people they do not know well. Sometimes children write things that are not nice on social media sites. In present times, we cannot be too careful with these activities and the damage which they can cause to children. We all wish to keep the children as innocent and happy as long as possible and the internet does not help this cause. You, the parents know your children better than anyone and we ask you to speak to them about these issues and to carefully monitor their actions.



Cairde

*Cairde would like to know if there is any parent that would like to put themselves forward for the new Cairde committee this year. If so, please contact Samantha or Helen. Also, it is coming to the end of the year again and Cairde are organising a family day for the end of June. If any parent would like to help out on the day, please see a Cairde member. Our next meeting is on the **19th May**. Cairde request that parents email us at cairdecamoige@gmail.com, to indicate what time would suit parents for this meeting. 9.00am or 7.30pm in the Aras on that date? Please email us and indicate your preference.*

Aoife Ní Raghallaigh
Príomhoide